



'Gaeilge na hArdteiste', Clár 1 RTÉ Raidió na Gaeltachta, 1 Márta 2015

Béaltríail Shamplach i gCanúint Uladh

Sa sampla seo, is as Cúige Uladh don dalta, agus is as Cúige Mumhan don scrúdaitheoir. Moltar duit éisteacht leis an bpodchraoladh MP3 atá ar fáil in éineacht leis an scríbhinn seo ag <http://www.rte.ie/rnag/gaeilge-na-hardteiste/> (Clár 1).

Tabharfar faoi deara na 'baoití' i gcaint an iarrthóra, atá aibhsithe *i gcló iodáileach* anseo sa téacs. Déanann an t-iarrthóir iarracht an comhrá a stiúradh i dtreo na n-ábhar atá ullmhaithe aici. Feicfidh sibh go nglacann an scrúdaitheoir leis an gcuireadh.

Scrúdaitheoir: Dia duit

Iarrthóir (Dalta): Dia's Muire duit.

Buail fút ansin.

Go raibh maith agat.

Anois, caidé an t-ainm ata ort?

Eithne Ní Ghallchóir an t-ainm atá ormsa.

Agus cén uimhir scrúdaithe atá agat, le do thoil?

703491 m'uimhir scrúdaithe.

Maith thú. Cén dáta breithe atá agat?

Rugadh mé ar an gceathrú lá déag de mhí an Mhárta, míle naoi gcéad is a nócha seacht.

Agus caidé an aois anois thú?

Tá mé díreach ocht mbliana déag d'aois.

Inis dom anois, caidé an seoladh baile atá agat?

Bóthar na Céibhe, Na Cealla Beaga, Tír Chonaill

Go breá ar fad. Feicim go bhfuil do chuid dánta ansin agat. An ndéanfaidh tú an dán Colscaradh a aithris dom, le do thoil?

Maith go leor.

Colscaradh, le Pádraig Mac Suibhne

Shantaigh sé bean

i nead a chine,

faoiseamh is gean

ar leac a thine,

aiteas is greann

i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear

is taobh den bhríste,

dídean is searc

is leath den chíste,

saoire thar lear

is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.

Scaradar.

Maith thú a Eithne! Anois táimid ag dul ar aghaidh go dtí na pictiúir. Roghnóidh mé ceann anois.

Seo duit, a Eithne. Tá tríocha soicind nó mar sin agat chun ullmhúchán a dhéanamh.

Anois, a Eithne, déan cur síos dom ar a bhfuil le feiceáil agat sa tsraith pictiúr sin.

Teip sa Scrúdú Tiomána



Teip sa Scrúdú Tiomána

Bhuel, bhí ar Sheán dul faoi scrúdú tiomána. Thug a athair go dtí an t-ionad tástála é.

Bhuail sé leis an scrúdaitheoir agus chuir sé cúpla ceist ar dtús ar Sheán. Isteach sa charr leo ansin agus thosaigh Seán ag tiomáint agus agus é beagán neirbhíseach.

Rinne Seán a chéad bhotún nuair a chonaic sé cairde leis. Sméid sé orthu agus is féidir liom a fheiceáil nach raibh an scrúdaitheoir tiomána sásta leis.

Díreach ina dhiaidh sin bhuail sé faoi charr os a chomhair. Baineadh geit mhór as Seán agus as an scrúdaitheoir agus feicim go raibh tiománaí an chairr eile ar mire.

Tháinig Garda go dtí láthair na timpiste agus mhínigh an scrúdaitheoir tiomána an scéal don gharda. Bhí náire an domhain ar Sheán.

D'fhill siad ansin ar an ionad tástála agus fuair Seán torthaí an scrúdú tiomána. Theip air ach dúirt an scrúdaitheoir leis go mbeadh seans eile aige dul faoi scrúdú arís. Mhol sé do Sheán go leor cleachtaidh a dhéanamh idir an dá linn. Mhol sé dó fosta a bheith aireach agus é ag tiomáint an chairr. Bhí dfomá mhór ar Sheán gur theip air.

Go breá ar fad a Eithne. Anois cuirfidh tusa trí cheist ormsa.

Maith go leor. Cén fáth a ndeachaigh Seán go dtí an t-ionad tástála?

Mar bhí sé chun dul faoi scrúdú tiomána den chéad uair.

Agus caidé an chéad bhotún a rinne sé?

Nuair a chonaic sé cairde leis, sméid sé orthu in ionad, in áit a aire iomlán a dhíriú ar an mbóthar.

Agus caidé an dara bhotún a rinne sé?

Bhuail sé faoi charr a bhí os a chomhair amach.

Anois cuirfidh mise trí cheist ortsa, a Eithne.

Cé hiad na daoine difriúla atá tú ábalta a fheiceáil i bpictiúir a cúig?

Feicim tiománaí an chairr eile, garda, an scrúdaitheoir tiomána agus Seán.

Meas tú cad a dúirt an an scrúdaitheoir tiomána leis an ngarda?

B'fhéidir go ndúirt sé go raibh Seán an-neirbhíseach agus gur foghlaimeoir a bhí ann.

Agus an cheist dheireanach, a Eithne. Theip ar Sheán ach caidé na moltaí a thug an scrúdaitheoir dó?

Dúirt sé leis go mbeadh seans eile aige. Dúirt sé leis fosta neart cleachtaidh a dhéanamh agus a bheith san airdeall i gcónaí agus é ag tiomáint.

Maith thú, a Eithne. Ar mhiste leat insint dom faoi do theaghlach?

Seisear atá i mo theaghlach: mo mháthair, m'athair, mo bheirt deirfiúracha Áine agus Nóirín, mo dheartháir Cathal agus mé féin. Is mise an duine is sine. Is í Nóirín an duine is óige.

An réitíonn tú go maith le do mhuintir?

Réitím, ach uaireanta bíonn argóintí beaga idir mé féin agus Cathal. Bíonn sé ag baint dom. Ó – agus tá madadh álainn againn. Rambó an t-ainm atá air. Tugaim amach ag siúl é achan lá.

Caidé an saghas madra é. Labradór, an ea?

Ó ní hea. Madadh caorach atá ann. *Ó dála an scéil, is as Na Cealla Beaga do mo thuismitheoirí.*

Agus cad é an cineál baile é Na Cealla Beaga?

Is baile mór iascaigh é. Tá Na Cealla Beaga suite ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá neart óstán againn: Óstán Radharc an Chuain, Óstán Ritz agus Óstán Tara. Tá a lán tithe tábhairne agus tithe lóistín againn fosta. Níl aon easpa siopaí orainn: tá ollmhargaí Supervalu agus Centra againn, siopa ceardaíochta, siopa búistéara, siopa seodóra McFees agus siopa earraí leictreacha. *Ó is beag nár dhearmad mé Cumann Lúthchleas Gael na gCealla Beaga a lua. Imrím féin peil ghaelach le foireann faoi ocht déag na gcailíní.*

Ó, cén uair a thosaigh tú ag imirt den chéad uair?

Thosaigh mé ag imirt nuair a bhí mé deich mbliana d'aois. Bhí spéis ag mo chairde Síle agus Aoife sa pheil fosta agus thosaigh muid ag freastal ar na seisiúin traenála. Thaitin sé go mór liomsa. D'fhoghlaim mé scileanna ciceála is pasála agus anois imrím le foireann na scoile seo. *Tá an t-ádh orm go bhfuil an-bhéim ar an spórt sa scoil seo.*

Taitníonn an scoil seo leat mar sin. An fíor sin?

Ó is fíor. Tá achan duine an-chairdiúil. Imrítear leadóg, cispheil agus liathróid láimhe sa scoil seo fosta. Tá rialach na scoile an-fhéarálte, dar liom agus tá na múinteoirí an-chabhrach ar fad. *Is breá liom na teangacha Gaeilge, Béarla agus Fraincis.*

Agus cé na hábhair scoile eile a dhéanann tú don Ardteist?

Déanaim Matamaitic, Cuntasaíocht agus Bitheolaíocht. Tá mé ag súil go bhfaighidh mé go leor pointí i mo chuid scrúdaithe le áit a áil i gColáiste Muire gan Smál mar *ba mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir bunscoile. Is múinteoir bunscoile í mo mháthair agus taitníonn an obair go mór léi.*

Ceist agam ort a Eithne. Cé na tréithe a bheadh tábhachtach don tslí bheatha sin, dar leat?

Bheadh orm a bheith cineálta agus foighdeach leis na páistí. Chaithfinn fosta a bheith ábalta na páistí a spreagadh chun foghlama.

Go maith a Eithne. Dála an scéil, an bhfuil do mháthair ag obair sna Cealla Beaga?

Níl. Ag obair i mBun Dobhráin atá sí. Rang a trí atá aici faoi láthair. D'fhreastail mise ar an scoil sin fosta mar bhí mé ábalta taisteal le mo mháthair. Is scoil mhaith í. *Bhí ranganna feadóige stáin againn. Is aoibhinn liom ceol.*

Ceol traidisiúnta a thaitníonn leat a Eithne?

Ó is maith liom ceol tíre agus ceol rac fosta. Tá mo mháthair craiceáilte faoi Daniel O'Donnell. Éistim le ceol rince fosta ach is é an ceol traidisiúnta is fearr liom, Caithim roinnt mhaith ama ag cleachta na feadóige agus bíonn seisiúin ceoil do cheoltóirí óga sna Cealla Beaga uair sa mhí. Tagann muid le chéile san Óstán Tara.

An mbíonn mórán ceoltóirí i láthair, a Eithne?

Ó bíonn scaifte maith, suas le deichniúr agus gléasanna difriúla ceoil á seinm: an fhidil, an fheadóg mhór, an bosca ceoil agus an consairtín, Bíonn seisiún bríomhar againn agus tá sé i gceist againn dul ag casadh thar sáile i ndiaidh na hArdteiste.

An bhfuil anois? Cá mbeadh sibh ag dul?

Go dtí an Bhriotáin, in iarthuaisceart na Fraince. Is réigiún ceilteach é agus tá gaol láidir idir an cineál ceoil atá acu agus atá againne. Beidh ár dtuismitheoirí ag teacht linn. Caithfidh muid deich lá ansin. Ní raibh mé riamh sa Fhrainc agus beidh deis agam mo chuid Fraincise a chleachtadh. *Is breá liom dul thar lear. Bhí mé ar saoire cheana féin sa Spáinn agus sa Phortaingéil.*

Cén tír ba mhó a thaitin leat?

Thaitin an Phortaingéil liom go mór. D'fhan muid in óstán álainn díreach in aice na trá, Wow! Bhí an aimsir galánta, thart ar ocht gcéim is fiche Celsius. Chaith muid go leor ama ar an trá agus chuaigh muid amach le haghaidh béile deas achan oíche nach mór. Dála an scéil, bhí sé an-saor i gcomparáid leis an tír seo. *Ó rinne mé dearmad a rá gur chaith muid maidin iomlán amháin i siopa éadaigh Faro. Caithfidh mé a admháil go taitníonn éadaí faiseanta liom.*

An mar sin é, a Eithne? Cén cineál éadaigh a thaitníonn leat?

Bhuel is iad na dathanna dubh agus gorm is fearr liom, Caithim éadaí compordacha ar nós bríste géine agus barr spóirt. Is maith liom fosta bróga reatha a chaitheamh, Ceannaím mo chuid éadaigh tigh Penneys agus tigh Dunnes. Ó is breá liom seodra a chaitheamh fosta. *Fuair mé an fáinne seo ó mo sheanmháthair, Is fáinne Cladaigh é.*

Ó tá sé sin go hálainn. Cén siombalacha a bhaineann leis an bhfáinne, a Eithne?

Seasann an croí don ghrá, na lámha don chairdeas agus an choróin don dílseacht. In Éirinn fadó baineadh úsáid as na fáinní seo mar fháinní pósta. Seo an fáinne pósta a bhí ag mo sheanmháthair. Fuair sí bás ceithre bliana ó shin.

Bhuel is deas an rud é go bhfuil sé agat a Eithne. Dála an scéil, ar cheannaigh tú aon bhall éadaigh nuair a bhí tú sa Phortaingéil?

Cheallaigh mé t-léine agus barr spóirt. Cheannaigh mo dheirfiúracha Áine agus Nóirín t-léinte fosta agus chaith mo dheartháir Cathal a chuid airgid ar liathróid sacair. Chuaigh muid ar ais go dtí an t-óstán nuair a bhí ár gcuid siopadóireachta déanta againn agus chaith muid an iarnóin cois na linne snámha. *Ó – tharla eachtra a bhain gáire asainn an lá sin.*

Caidé an eachtra a tharla?

Thit m'athair isteach sa linn snámha, áit ar sciort sé. Isteach sa taobh domhain den linn a thit sé agus ní raibh aon snámh aige! Tháinig sé aníos go barr uisce agus é scanraithe. Bhí muid sna trithí ag gáire, Léim an garda tarrthála isteach agus thug sé amach as an linn é.

An raibh d'athair ar mire libh?

Bhí gan amhras ach ansin chonaic sé an greann a bhain leis an eachtra ach ní maith leis labhairt faoi anois. Tá sé ábalta snámh anois

Ó an bhfuil?

Tá leoga! D'fhreastail sé ar ranganna snámha nuair a d'fhill muid ar na Cealla Beaga in ndiaidh na saoire.

A Eithne, nach léiríonn an eachtra sin an tábhacht a bhaineann le slándáil i gcás linnte snámha?

Léiríonn gan dabht ar bith. Tá freagracht mhór ag baint le jab an gharda tarrthála. Ní mór dó nó di a bheith san airdeall i gcónaí, go háirithe nuair a bhíonn páistí óga ag spraoi mórthimpeall na linne. Tharla eachtraí tragóideacha san am atá caite,

Aontaím go huile is go hiomlán leat. Bhuel a Eithne, caithfidh mé scaoileadh leat. Tá an t-am caite. Tá mé cinnte go n-éireoidh go breá leat i do chuid scrúdaithe Ardteiste mí an Mheithimh seo chugainn.

Déanfaidh mé mo dhícheall.

Guím gach rath is ádh ort, a Eithne

Go raibh míle maith agat.

Slán agat anois.

Slán leat.